# *AN SCÉIM CHÚNAIMH DO GHNÓLACHTAÍ BEAGA LE hAGHAIDH COVID(SCGBC)*

## FOIRM IARRATAIS

Fógra Príobháideachais: Tá [Ainm an údaráis áitiúil le comhlánú in ID 1 den Fhoirm Iarratais]ag lorg na faisnéise thíos uait chun d'iarratas a phróiseáil. Is é a leanas an bunús dleathach maidir le próiseáil na faisnéise sin:
Airteagal 6(1)(e) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Is í an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an rialaitheoir sonraí de réir bhrí an Achta um Chosaint Sonraí, 1988, arna leasú. Is é [Ainm an údaráis áitiúil le comhlánú in ID 1 den Fhoirm Iarratais] an próiseálaí sonraí chun críche an scéim a riar.

Ní úsáidfear an fhaisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú ach chun d'iarratas ar chistiú SCGBC a chur isteach agus a phróiseáil. Beidh sé riachtanach tuairisc ardleibhéil maidir le hainmneacha agus líon na ngnólachtaí a chuireann iarratas isteach ar an deontas, maidir leis na méideanna a dámhadh agus tionchar Covid-19 agus maidir le sonraí i ndáil le líon na ndaoine atá fostaithe a roinnt leis an Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta chun críocha tuairiscithe. Geallann [Ainm an údaráis áitiúil le comhlánú in ID 1 den Fhoirm Iarratais] na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú a choinneáil tráth nach faide ná tréimhse na Scéime um Chúnamh do Ghnólachtaí Beaga le haghaidh COVID móide 5 bliana eile.

***Trí d'iarratas a chur isteach, toilíonn tú leis an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta agus/nó leis an údarás áitiúil ábhartha na sonraí ar an bhfoirm iarratais seo a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim trí shásra slán-aistrithe comhad. Is é an aidhm atá leis sin na Coimisinéirí Ioncaim a chumasú chun a dhearbhú nach bhfuair tú íocaíocht faoin Scéim Tacaíochta um Shrianta Covid (STSC) i Ráithe 1 2021. Agus an fhaisnéis seo á cur ar fáil agat toilíonn tú go sainráite leis na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis bhailíochtaithe seo a sholáthar don Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta agus/nó don údarás áitiúil ábhartha.***

Le cur síos mionsonraithe ar conas a thabharfaidh [Ainm an údaráis áitiúil le comhlánú in ID 1 den Fhoirm Iarratais] aghaidh ar na saincheisteanna um chosaint sonraí a leanas is féidir teach tar sin trí rochtain a fháil ar naisc na leathanach gréasáin a leanas –

**Ní mór gach ceist a fhreagairt. Ní mór an dearbhú a bheith comhlánaithe agus sínithe go hiomlán. Socróidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta spotseiceálacha a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíontar na critéir cháilitheacha (féach Ceisteanna Coitianta 8).**

| **ID** | **Tacaíochtaí Gnó Eile le linn COVID** | **Freagra** | ***Nótaí*** |
|---|---|---|---|
| 1 | Ainm d'údaráis áitiúil | Réimse anuas | |
| 2 | An bhfuil tú incháilithe don scéim tacaíochta STSC? | Tá/Níl | *Féach Ceisteanna Coitianta 9* |
| 3 | An bhfuil tú incháilithe do scéim Leanúnachais Ghnó Turasóireachta de chuid Fáilte Éireann? | Tá/Níl | *Féach Ceisteanna Coitianta 9* |
| 4 | An bhfuil tú incháilithe don Scéim Tacaíochta maidir le Taibhithe Beo nó don Scéim um Chúnamh maidir le Gnó Siamsaíochta Ceoil de chuid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán? | Tá/Níl | *Féach Ceisteanna Coitianta 9* |
| **ID** | **Fostaíocht** | **Freagra** | ***Nótaí*** |
| 5 | Cé mhéad fostaí a bhí sa ghnólacht ag deireadh mhí Feabhra 2020? | Uimhir | *Caithfidh sé a bheith níos mó ná nó cothrom le 1 agus níos lú ná nó cothrom le 250.* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | *Féach Ceisteanna Coitianta 9.* |
| **ID** | **Tionchar Covid-19** | **Freagra** | ***Nótaí*** |
| 6 | Láimhdeachas bliantúil in 2019<br>NÓ<br>Láimhdeachas bliantúil measta in 2020<br>(Má tá do ghnó tosaithe agat tar éis an 1ú Samhain 2019) | € | *Riachtanach do gach áitreabh gnó ina ndéantar gníomhaíocht ghnó ábhartha agus a ndéanfar éileamh ina leith. Must be more than €50k for each premise. Féach Ceisteanna Coitianta 9.* |
| 7 | An bhfuil aon ghníomhaíocht ghnó ann faoi láthair?<br>(i.e. oscailte go hiomlán nó go páirteach nó ar líne?) | Tá/Níl | |
| 8 | Más é freagra dearfach Q7, tabhair cur síos gairid ar an ngníomhaíocht ghnó reatha | Téacs saor in aisce | |
| 9 | Má dhún do ghnó, cén dáta a dhún sé? | Dáta | |
| 10 | An athosclóidh do ghnó arís? | Tá/Níl | |
| 11 | Cad é an meánláimhdeachas seachtainiúil do 2019?<br>NÓ<br>Cad é an meánláimhdeachas seachtainiúil réamh-mheasta do 2020 má chuir tú tús le do ghnó tar éis an 1ú Samhain 2019? | € | |
| 12 | Cad é meánláimhdeachas seachtainiúil réamh-mheasta an ghnó don 1ú Eanáir 2021 go dtí an 31ú Márta 2021? | € | |
| 13 | An brainse de chuideachta le ilsiopaí é an gnó? | Tá/Níl | *Féach Ceisteanna Coitianta 13* |
| **ID** | **Do Ghnó** | **Freagra** | ***Nótaí*** |
| 14 | Uimhir Chustaiméara | Téacs saor in aisce | *Féach Ceisteanna Coitianta 17* |
| 15 | Uimhir Ráta | Téacs saor in aisce | *Féach Ceisteanna Coitianta 18* |
| 16 | Ainm Trádála na Cuideachta | Téacs saor in aisce | *riachtanach do gach áitreabh gnó ina* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | *ndéantar gníomhaíocht ghnó ábhartha agus a ndéanfar éileamh ina leith* |
| 17 | Ainm Cláraithe na Cuideachta | Téacs saor in aisce | |
| 18 | Uimhir chlárúcháin ioncaim | Tax Reference Uimhir format | |
| 19 | Seoladh Áitribh Ghnó | Téacs saor in aisce | *riachtanach do gach áitreabh gnó ina ndéantar gníomhaíocht ghnó ábhartha agus a ndéanfar éileamh ina leith* |
| 20 | Seoladh Líne 1 | Téacs saor in aisce | |
| 21 | Líne seoltaí 2 | Téacs saor in aisce | |
| 22 | Líne seoltaí 3 | Téacs saor in aisce | |
| 23 | Eircode | Téacs saor in aisce + Eircode Finder | |
| 24 | Earnáil | *Roghchlár anuas le catagóirí NACE mar a aontaíodh* | |
| 25 | Ainm an Dílseánaigh/an Iarratasóra | Téacs saor in aisce | |
| 26 | Seasamh [ainm an dílseánaigh/an iarratasóra] sa chuideachta | Téacs saor in aisce | |
| 27 | Uimhir Theileafóin | Téacs saor in aisce | |
| 28 | Seoladh ríomhphoist | Téacs saor in aisce | |
| 29 | Deimhnigh gurb é an seoladh ríomhphoist | Téacs saor in aisce | |
| 30 | Ainm chuntais | Téacs saor in aisce | |
| 31 | Sonraí Bainc - Uimhir BIC | Téacs saor in aisce | |
| 32 | Uimhir IBAN | Formáid IBAN | |
| 33 | Ceanntásc Ráiteas Bainc | Uaslódáil Doiciméid | |
| 34 | Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach | Uimhriúil | |

**DEARBHÚ**

Dearbhaím/Dearbhaímid leis seo go bhfuil an gnó a bhíodh ag trádáil amhail **an t-ainm trádála a leagtar amach i gceist 17 thuas** tar éis méid agus céatadán an láimhdeachais ionchais go dtí an 31ú Nollaig 2020 a chailliúint, **a leagtar amach sa fhreagra ar cheisteanna 11 agus 12 thuas**. Deimhním/deimhnímid go bhfanfaidh an gnó ar oscailt **NÓ** go n-athosclóidh an gnó nuair a cheadaítear dó déanamh amhlaidh faoi na rialacháin sláinte poiblí a bhíonn i bhfeidhm ag an am lena mbaineann. [bosca seiceála]

Dearbhaím/Dearbhaímid go bhfuil rún agam/againn na fostaithe sin atá ag fáil SFPF faoi láthair a choinneáil.[bosca seiceála]

Dearbhaím/Dearbhaímid nach bhfuilimid incháilithe le haghaidh STSC, Scéim Leanúnachais Ghnó Turasóireachta de chuid Fáilte Éireann, an Scéim Tacaíochta maidir le Taibhithe Beo nó don Scéim um Chúnamh maidir le Gnó Siamsaíochta Ceoil na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. [bosca seiceála]

Tugaim/Tuigimid toiliú don Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta agus/nó don údarás áitiúil ábhartha na sonraí ar an bhfoirm iarratais seo a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim trí mheicníocht aistrithe comhad slán. Is é an aidhm atá leis sin ná a chur ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim a dhearbhú nach bhfuair mé/nach bhfuaireamar íocaíocht ón Scéim Tacaíochta um Shrianta Covid (STSC) i Ráithe 1 2021. Agus an fhaisnéis seo á cur ar fáil táim/táimid ag toiliú go sainráite leis na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis bhailíochtaithe seo a sholáthar don Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta agus/nó don údarás áitiúil ábhartha.[bosca seiceála]

**SÍNIÚ (**féach Ceisteanna Coitianta 20)

Uaslódáil doiciméad

____________________________________

# Scéim Cúnaimh do Ghnólachtaí Beaga do COVID¬ - Ceisteanna Coitianta

**1. Cé chomh luath agus a gheobhaidh mé mo dheontas?**

Ar an meán, beidh sé mar aidhm againn iarratais a phróiseáil (rud a chiallaíonn Sea/Ní hea/ tuilleadh faisnéise ag teastáil) laistigh de choicís. Braithfidh sé sin, áfach, ar an mborradh tosaigh a thagann ar líon na n-iarratas.

**2. Cé mhéid a gheobhaidh mé?**

Gheobhaidh gnóthais incháilithe íocaíocht de €4,000 don chéad ráithe den bhliain seo, an tréimhse ón 1ú Eanáir go 31ú Márta 2021. Meastar go ndéanfar íocaíochtaí le gnóthais incháilithe don chéad ráithe ó Aibreán 2021. Déanfar an dara íocaíocht i Ráithe 2, 2021 de €4,000 do ghnólachtaí a chomhlíonann fós na critéir.

**3. Cad is féidir liom an deontas a úsáid ina leith?**

Is ranníocaíocht é an deontas i dtreo an chostais a bhaineann le gnó a athoscailt nó a choinneáil ag feidhmiú agus ag athnascadh le fostaithe agus le custaiméirí. D'fhéadfaí an deontas a úsáid chun costais sheasta leanúnacha a íoc, e.g. fóntais, árachas, athchóiriú nó chun bearta a dhéanamh chun sábháilteacht na bhfostaithe agus na gcustaiméirí a chinntiú

**4. Murar íoc mé na rátaí a bhí agam le haghaidh 2020, an bhfuil mé incháilithe?**

Tá

**5. Má tá riaráistí ar mo rátaí, an bhfuil mé incháilithe?**

Tá

**6. Mura ndearnadh measúnú rátaí ar m'áitreabh in 2020 an bhfuil mé incháilithe**

Tá. Déanfaidh an tÚdarás Áitiúil meastachán ar an éileamh rátaí a bheadh agat do 2020.

**7. Conas a chuirim iarratas isteach**?

Is féidir an t-iarratas a dhéanamh ar líne trí shuíomh Gréasáin d'údaráis áitiúil ag **[Cuir isteach nasc LA]**.Ceanglóidh an fhoirm iarratais ar iarratasóirí a dhearbhú go bhfuil siad neamh-incháilithe do STSC, don Deontas Leanúnachais Gnó de chuid Fáilte Éireann nó don Scéim Tacaíochta maidir le Taibhithe Beo nó don Scéim um Chúnamh maidir le Gnó Siamsaíochta Ceoil de chuid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meáin agus nach bhfuil siad ag cur isteach ar na deontais sin nó á bhfáil. Iarrfar ar iarratasóirí toiliú freisin le comhroinnt sonraí le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim chun spotseiceálacha ar incháilitheacht STSC a chumasú.

8. **Conas a íocfar an deontas?**

Íocfar an deontas trí na hÚdaráis Áitiúla, bunaithe ar phróiseas iarratais ar líne, d'fhonn gnólachtaí cáilitheacha a aithint agus a bhailíochtú agus chun íocaíochtaí le cuntas bainc an ghnólachta a dhéanamh chomh héifeachtúil agus is féidir.

9. **Cad iad na critéir chun cáiliú dn SCGBC?**

**9 - Cad iad na critéir chun cáiliú dn SCGBC?**

Ní mór do ghnó:

- A bheith ina thrádálaí aonair, ina chuideachta, féinfhostaithe nó i gcomhpháirtíocht;
- Láimhdeachas íosta de €50,000 a bheith aige do gach áitreabh inrátaithe;
- Gan a bheith faoi úinéireacht ná á fheidhmiú ag comhlacht poiblí;
- Gan a bheith incháilithe le haghaidh/a bheith ag fáil STSC don tréimhse a gclúdaíonn an deontas nó atá incháilithe do Scéim Leanúnachais Ghnó Fáilte Ireland nó Scéim Tacaíochta Feidhmíochta Beo na roinne nó an Scéim Chúnaimh Ghnó Siamsaíochta Ceoil Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus na Meáin.
- Oibriú ó fhoirgneamh, nó ó struchtúr fisiceach seasta cosúil leis a bhfuil rátaí gnó iníoctha air (ní chomhlíonann áitribh soghluaiste, nó áitribh nach bhfuil socraithe go buan i bhfeidhm, an sainmhíniú ar áitreabh gnó ná ar áitribh nach bhfuil aon rátaí iníoctha orthu);
- Ní mór Deimhniú Imréitigh ríomhChánachais reatha a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.
- Meastar nach mbeidh láimhdeachas an ghnó thar thréimhse an éilimh níos mó ná 25% de na
- Láimhdeachas seachtainiúil an ghnó ar an meán in 2019;

NÓ

- meán-láimhdeachas seachtainiúil réamh-mheasta an ghnó don 1 Eanáir go 31 Márta 2021, agus 30 Meitheamh 2021 nuair is infheidhme, do ghnólachtaí a thosaigh tar éis an 1 Samhain, 2019 agus
- Tá sé i gceist ag an ngnó trádáil a atosú go hiomlán a luaithe a mhaolófar srianta an Rialtais.
- 1 - 250 fostaí a bheith agat agus láimhdeachas réamh-mheasta níos lú ná €25 milliún i 2021;
- Maidir le fíorú an cheanglais láimhdeachais €50,000, ceanglófar ar iarratasóirí a gcuntais airgeadais nó trádála is déanaí nó an chuid ábhartha dá bhFoirm Cánach Ioncaim is déanaí, Foirm 11 a uaslódáil, lena bhfíoraítear láimhdeachas os cionn €50,000.

Socróidh DETE spotseiceálacha a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíontar na critéir cháilitheacha.

10. **An féidir le gnóthais a bhaineann le turasóireacht iarratas a dhéanamh**

Is féidir le gnóthais a bhaineann le turasóireacht/fáilteachas a íocann rátaí iarratas a dhéanamh mura bhfuil leas bainte acu as ceachtar STSC, Deontas Leanúnachais Gnó Turasóireachta Fáilte Ireland nó agus an Scéim Tacaíochta Feidhmíochta Beo nó Scéim Chúnaimh Ghnó Siamsaíochta Ceoil na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltacht, Spórt agus na Meáin.

11. **An féidir le heagraíochtaí spóirt iarratas a dhéanamh?**

Is féidir le Clubanna Spóirt a íocann rátaí, mar Chlubanna CLG agus Clubanna Gailf a bhfuil gníomhaíochtaí tráchtála acu (e.g. beár/bialann) iarratas a dhéanamh ar dheontas mura bhfuil STSC á fháil acu, atá incháilithe do Dheontas Leanúnachais Gnó Turasóireachta Fáilte Ireland nó an Tacaíocht Feidhmíochta Beo Scéim nó Scéim Chúnaimh Ghnó Siamsaíochta Ceoil na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán.

**12. Céard faoi Eagraíochtaí Carthanas?**

Is féidir le Siopaí Carthanas a bhfuil ioncam trádála acu, agus a oibríonn ó áitribh inrátaithe, iarratas a dhéanamh ar dheontas mura bhfuil siad ag fáil STSC, Deontas Leanúnachais Gnó Turasóireachta Fáilte Ireland nó an Scéim Tacaíochta Feidhmíochta Beo nó Scéim Chúnaimh Ghnó Siamsaíochta Ceoil na Roinne Turasóireacht, Cultúr, Ealaíon, Gaeltacht, Spórt agus na Meán.

**13. Cad mar gheall ar shiopaí saincheadúnais, siopaí slabhra agus gnóthais tionóntaí?**

a) Sa chás go bhfuil áitribh iolracha gnó ag fiontar a chomhlíonann na critéir láimhdeachais agus a thabhaíonn costais agus rátaí íocaíochta, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar gach áitreabh.

b) Sa chás go gcuirtear an cuntas rátaí chuig tiarna talún le haghaidh gnólachtaí aon tionónta amháin nó níos mó ní mór an deontas a chur isteach agus a íoc leis an ngnó oibriúcháin i ngach cás.

c) Féadfaidh gnólachtaí a bhfuil roinnt asraonta acu a ndéantar rátáil ar leithligh orthu iarratas a dhéanamh ar dheontais ar leithligh. Tá siopa saincheadúnais atá neamhspleách ar bhonn airgeadais agus trádála incháilithe má chomhlíonann sé na critéir eile.

Níl SCGBC le clúdach i leith caillteanais ioncaim, is ranníocaíocht é le costais sheasta, níl laghduithe páirteach láimhdeachais do ghnó laistigh d'áitribh incháilithe

**14. Cad é an cás maidir le Seirbhísí Gairmiúla?**

Tá Seirbhísí Gairmiúla amhail Cuntasóirí, Ailtirí, Dochtúirí Teaghlaigh, Fiaclóirí, Radharceolaithe, Comhairleoirí, etc., incháilithe má tá siad ag feidhmiú ó áitribh inrátaithe agus má chomhlíonann siad na critéir, lena n-áirítear láimhdeachas a chailleadh. Mar sin féin, níl seirbhísí eile nach n-oibríonn ó áitribh inrátaithe incháilithe.

**15. Is trádálaí sráide mé a íocann rátaí le m'údarás áitiúil, an bhfuil mé incháilithe**?

Tá

**16. Cad é an dáta deiridh?**

Is é an 21ú Aibreán 2021 an dáta deiridh chun iarratais a fháil maidir le Ráithe 1.

**17. Cad é m'uimhir Chustaiméara?**

Tá d'uimhir Chustaiméara le fáil ar d'éileamh ar rátaí tráchtála.

**18. Cad é m'uimhir Ráta?**

Tá d'uimhir Ráta (nó LAID) le fail ar d'éileamh ar rátaí tráchtála.

**19. Cad is Ceanntásc Ráiteas Bainc ann?**

Tá ceanntásc an ráitis bhainc ar bharr ráitis bhainc le déanaí (arna dhátú laistigh de 6 mhí anuas) agus léirítear ann d'ainm agus do sheoladh gnó agus uimhir do chuntais bhainc ghnó, ar cheart iad a scanadh agus a uaslódáil mar cheangaltán leis an bhfoirm iarratais chun ainm agus seoladh do ghnó a fhíorú chomh maith le sonraí do chuntais bhainc i.e. BIC agus IBAN.

**20. Conas a shíneoidh mé an fhoirm?**

Ba chóir síniú clóscríofa a áireamh ar an bhfoirm.

**21. Mura bhfuilim sásta leis an gcinneadh chun mé a dhiúltú don deontas, an féidir liom achomharc a dhéanamh?**

Sea, féadfar aon chinneadh chun deontas a dhiúltú a achomharc chuig d'údarás áitiúil [Cuir isteach seoladh ríomhphoist].. Déanfar achomhairc i ndáil le cinneadh maidir le hiarratas a dhiúltú i scríbhinn laistigh de 7 lá ón bhfógra a fháil

**22. Cá bhfaighidh mé tuilleadh faisnéise?**

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ó Aonad Tacaíochta Gnó na nÚdarás Áitiúil
[Ba chóir don údarás áitiúil uimhir theileafóin a chur isteach]

## Cóid NACE Ardleibhéil ATH. 2

ROINN A — TALMHAÍOCHT, FORAOISEACHT AGUS IASCACH

ROINN B — MIANADÓIREACHT AGUS CAIRÉALACHT

ROINN C — MONARÚ

ROINN D — SOLÁTHAR LEICTREACHAIS, GÁIS, GAILE AGUS AERCHÓIRIÚCHÁIN

ROINN E — SOLÁTHAR UISCE; SÉARACHAIS, BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ FEABHSÚCHÁIN

ROINN F — FOIRGNÍOCHT

ROINN G — TRÁDÁIL MÓRDHÍOLA AGUS MIONDÍOLA; DEISIÚ FEITHICLÍ MÓTAIR AGUS GLUAISROTHAR

ROINN H — IOMPAR AGUS STÓRÁIL

ROINN I — CÓIRÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE BIA

ROINN J — FAISNÉIS AGUS CUMARSÁID

ROINN K — GNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS AGUS ÁRACHAIS

ROINN L — GNÍOMHAÍOCHTAÍ EASTÁIT RÉADAIGH

ROINN M — GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA, EOLAÍOCHA AGUS TEICNIÚLA

ROINN N — GNÍOMHAÍOCHTAÍ RIARACHÁIN AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

ROINN O — RIARACHÁN POIBLÍ AGUS COSANTA; SLÁNDÁIL SHÓISIALACH ÉIGEANTACH

ROINN P — OIDEACHAS

ROINN Q – GNÍOMHAÍOCHTAÍ UM SHLÁINTE AN DUINE AGUS UM OBAIR SÓISIALTA

ROINN R — NA hEALAÍONA, SIAMSAÍOCHT AGUS ÁINEAS

ROINN S — GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE EILE